Rannóg Pholasaí, Cháilíochtaí, Churaclaim agus Mheasúnachta,An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 2, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Qualifications, Curriculum and Assessment Policy Unit, Department of Education and Skills, Block 2 Marlborough Street, Dublin 1

☎ (01) 8892384

Facs (01) 8892040

**Imlitir Uimh. 0025/2012**

**Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Iar-bhunscoileanna**

# FORFHEIDHMIÚ NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA

## 1. An Straitéis Náisiúnta

Seoladh *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Dhaoine Óga, 2011 - 2020* ar an 8 Iúil 2011. Tarraingíonn an litir seo aird na mbord bainistíochta, na bpríomhoidí agus na múinteoirí ar fhoilsiú na Straitéise.

Tá cóip den straitéis ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie. Tá achoimre clóite de phríomhbheartais na Straitéise i bhfoirm leabhráin iniata leis seo mar atá luaite in Imlitir 0058/2011.

Tá an litearthacht agus an uimhearthacht i measc na scileanna is tábhachtaí a mhúintear inár scoileanna. Tá siad bunúsach do chumas an duine rath a bhaint amach san oideachas, fostaíocht sásúil a fháil agus saol rathúil a chaitheamh. Mar thoradh ar an dul chun cinn i gcórais cumarsáide tá gá le cumas níos mó sa litearthacht agus san uimhearthacht agus tá béim ar na róil tábhachtacha atá ag scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí i bhforbairt iomlán na scileanna seo.

Féachann an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta le gnóthachtáil san litearthacht agus san uimhearthacht a fheabhsú inár scoileanna. Cuimsíonn an straitéis roinnt moltaí maidir leis an gcuraclam, cumas na gcinnirí scoile a thógáil, scileanna teagaisc a fheabhsú trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar, faid na oiliúna tosaigh do mhúinteoirí a láidriú agus a leathnú, agus feasacht níos mó a chothú i measc na dtuismitheoirí agus an phobail maidir le tábhacht na litearthachta agus na huimhearthachta. Tá na moltaí seo á gcur i bhfeidhm de réir a chéile.

## 2. Impleachtaí d'Iar-bhunscoileanna

Tá sé ríthábhachtach cur chuige comhtháite, scoile-uile a bheith ann ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Tá soláthar sa Straitéis go *"bhféadfaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta a bheith curtha i gcomhthéacs, a bheith suntasach agus le cuspóir don fhoghlaimeoir trí ábhair éagsúla agus réimsí éagsúla foghlama*." Sa

chomhthéacs sin, tasc dos na múinteoirí **uilig** is ea é scileanna sa réimse seo a láidriú, ní do mhúinteoir teanga nó matamaitice amháin.

Tá cuid de na príomhghníomhaíochtaí atá sa Straitéis chun feabhas a chur ar an gcuraclam agus ar an eispéireas foghlama ag leibhéal na hiar-bhunscoile, chun cuidiú le scoláirí le riachtanais foghlama breise a gcumas a bhaint amach sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus chun feabhas a chur ar an meastóireachta agus measúnú d'fhonn tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht, á gcur i bhfeidhm cheana féin, nó cuirfear i bhfeidhm go luath iad. Áirítear ina measc:

- athchóiriú siollabais ag tosú le hathchóiriú na siollabas Béarla agus Gaeilge don Teastas Sóisearach
- leanúint le cur i bhfeidhm Thionscadal Mata lena n-áirítear clár cuimsitheach d'fhorbairt ghairmiúil a sholáthar
- forbairt ghairmiúil leanúnach do na múinteoirí uilig le fócas ar litearthacht agus uimhearthacht agus úsáid na meastóireachta
- leanúint le tacú le soláthar feabhsaithe litearthachta agus uimhearthachta do scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, scoláirí sárchumasacha agus inimircigh nach í teanga na scoile an chéad teanga acu san áireamh
- cur chuigí féinmheastóireachta scoile a úsáid do phleanáil forbartha scoile

Lorgaíonn an tAire comhoibriú na bainistíochta scoile agus na múinteoirí i gcur i bhfeidhm na nithe thuasluaite agus gníomhaíochtaí eile sa Straitéis. Leanfar de na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus eiseofar tuilleadh eolais ar bheartais ar leith atá de dhíth in iar-bhunscoileanna.

## 3. Trialacha Caighdeánaithe

Tá soláthar sa Straitéis do thrialacha caighdeánaithe do scoláirí sa dara bliain in iar-bhunscoileanna i léitheoireacht an Bhéarla agus matamaitic sna scoileanna uilig agus, ina theannta sin, i léitheoireacht na Gaeilge i nGaelscoileanna. Cuirfear maoiniú ar fáil do scoileanna chun cuidiú leis an tástáil.

Tá forbairt na dtrialacha seo ag dul chun cinn agus eiseofar tuilleadh eolais in am trátha. Samhlaítear go dtabharfar na trialacha isteach i 2014.

## 4. Tástáil Eile

Faoi réir na Straitéise, tá ar na hiar-bhunscoileanna uilig comhoibriú, nuair a iarrtar orthu, leis na suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fad atá ceadaithe nó ordaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ceadaíonn rannpháirtíocht i suirbhéanna idirnáisiúnta ar nós, mar shampla, PISA (*the OECD Programme for International Student Assessment*) le gnóthachtáil na scoláirí i litearthacht na léitheoireachta, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a chur i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta.

## 5. Tuairisc ar Dhul Chun Cinn Scoláirí á thabhairt ag Bunscoileanna d'Iar-bhunscoileanna

Tá sé tábhachtach go n-aistreofar eolas ar mheasúnú idir scoileanna, ach go háirithe nuair a aistríonn scoláirí ó bhunscoil go hiar-bhunscoil. Cinntíonn sé seo go mbíonn leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim do scoláirí. Ag leibhéal na bunscoile, déanann scoláirí trialacha caighdeánacha i ranganna 2, 4 agus 6.

Tá socruithe reachtaíochta déanta chun soláthar a dhéanamh do chomhroinnt an eolais maidir le dul chun cinn, lena n-áirítear torthaí na dtrialacha caighdeánacha, nuair a aistríonn scoláirí ó scoil amháin go scoil eile. Ceadaíonn an tAcht Oideachais (Leas) 2000 (Alt 28) agus na Rialacháin (Comhlachtaí Forordaithe) 2005 do scoileanna eolas cuí a roinnt maidir le páiste ag aistriú idir scoileanna aitheanta gan an dlí um chosaint sonraí a shárú.

Le feidhm ó dháta na himlitreach seo:

- Tá gach príomhoide iar-bhunscoile freagrach as a chur in iúl do phríomhoide gach bunscoile ainmneacha na scoláirí a bhfuil a rollú ina (h)iar-bhunscoil deimhnithe.

- Ar an eolas seo a fháil, tá ar an bpríomhoide i ngach bunscoil (Imlitir 0056/2011) cóip den chárta tuairisce deireadh bliana (lean n-áirítear an fhaisnéis ó thrialacha caighdeánaithe i Rang a 6 sa bhunscoil) a sheoladh chuig iar-bhunscoileanna a n-aistríonn scoláire chucu. Tá teimpléid tuairisce forbartha chuige seo ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus is féidir iad a fheiceáil ag www.ncca.ie

- Ba chóir don phríomhoide bunscoile an tuairisc a aistriú don scoláire faoi dheireadh na chéad seachtaine de Mheán Fómhair ar a dhéanaí.

## 6. Am don Litearthacht agus don Uimhearthacht

*Sraith Shóisearach*

Tá na moltaí maidir le hathchóiriú an Teastais Shóisearaigh foilsithe agus tá tús á chur le plé ar an gcur i bhfeidhm. Tá na moltaí ann d'fhonn cuidiú le scoileanna am breise a chur ar fáil chun tacú leis an litearthacht agus an uimhearthacht chomh maith le ham agus spás a dhéanamh do phríomhscileanna a neadú, foghlaim ghníomhach, punanna digiteacha a thiomsú, agus a chinntiú go sealbhaíonn agus go ndaingníonn scoláirí na scileanna atá de dhíth orthu don fhoghlaim amach anseo ar feadh an tsaoil.

Tabharfar tuilleadh treoracha do scoileanna d'fhonn ligean dóibh an t-aistriú a dhéanamh chuig an clár leasaithe an teastais shóisearaigh. Má tá scoileanna in ann an t-aistriú a thosú leis na grúpa scoláirí atá ag clárú i 2013, spreagtar iad le sin a dhéanamh.

*Ar fud an Churaclaim*

Scileanna traschuraclaim is iad an litearthacht agus an uimhearthacht agus is féidir tacú leo ar fud an churaclaim. Tá scóip ar leith ann dul i ngleic leis an litearthacht agus an uimhearthacht i gcomhthéacs an teagaisc i dteanga na scoile agus sa Mhatamaitic.

*Matamaitic*

Mar is eol duit, d'iarr an imlitir a eisíodh le déanaí ar mhatamaitic (0058/2011) ar scoileanna gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go raibh rochtain ag scoláirí ar rang matamaitice gach lá, sa tsraith shóisearach ach go háirithe, ón dáta is luaithe agus is féidir; go láidreofar an Mhatamaitic san Idirbhliain, áit a bhfuil sé ar fáil, agus gur chóir gach iarracht a dhéanamh, sa mhéid agus is féidir, múinteoirí a bhfuil cáilíocht acu sa mhatamaitic a úsáid do theagasc na matamaitice. Tá tábhacht ar leith leis seo i mblianta múnlaitheacha sa tsraith shóisearach.

*Béarla agus Gaeilge*

Ar an gcaoi chéanna, ba chóir go mbeadh rochtain ag scoláirí ar cheacht Béarla gach lá, ach go háirithe sa tsraith shóisearach, ón dáta is luaithe agus is féidir. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh rochtain ag scoláirí i nGaelscoileanna ar cheacht Gaeilge gach lá.

## 7. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá tacaí do scoileanna agus múinteoirí á gcur ar fáil cheana trí sholáthar feabhsaithe do FGL (*CPD*). Sa chomhthéacs seo, beidh sé mar mhórfhócas ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM - *PDST*) sna blianta seo atá ag teacht tacú le hiar-bhunscoileanna (scoileanna Béarla agus Gaeilge araon) feabhsú i dtorthaí litearthachta agus uimhearthachta a thiomáint..

Leanfaidh an SFGM le teagmháil le scoileanna, i gcomhair leis an líonra náisiúnta d'Ionaid Oideachais, chun iad a chur ar an eolas faoi dheiseanna FGL atá ag teacht. Cuireadh seimineáir lae ar fáil cheana féin do chinnirí scoile ar an Straitéis litearthachta agus uimhearthachta. Sa bhliain 2012/13, cuirfear FGL ar an bhFéinmheastóireacht Scoile ar fáil do na scoileanna uile. Ina theannta sin, cuirfear seimineár ar fáil do mhúinteoir 'caidrimh' don litearthacht nó don uimhearthacht ó gach iar-bhunscoil. Chun clárú do sheimineáir do mhúinteoirí caidrimh nó le haghaidh breis eolais FGL, féach www.pdst.ie.

Éascóidh an SFGM iarratais do FGL inscoile/scoile uile freisin, nuair is féidir.

Beidh rannpháirtíocht i gcúrsaí samhraidh mar chuid de réimse leathan de dheiseanna um fhorbairt ghairmiúil a bheidh ar fáil dos na múinteoirí uilig. Leanfar de

sholáthróirí cúrsaí a spreagadh chun líon níos mó d'iarratais um chúrsaí samhraidh a chur isteach le haghaidh ceadaithe, lena n-áirítear cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhaineann le téamaí litearthachta agus uimhearthachta.

Déanfaidh an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí tacaí a chur in oiriúint go cúramach do riachtanais ghairmiúla mhúinteoirí nuacháilithe in earnáil an iar-bhunoideachais trí thógáil ar a bhfoghlaim ag céim na hoiliúna tosaigh múinteoirí. Tá tábhacht ar leith leis seo ag leibhéal na hiar-bhunscoile, áit a mbíonn cáilíocht ag múinteoirí mar speisialtóirí ábhair ach go gcaithfidh siad ar fad tacú lena scoláirí chun a gcumas is fearr a bhaint amach sa litearthacht agus san uimhearthacht chomh maith le heolas agus scileanna atá sainiúil don ábhar. Beidh tacaíocht gréasáin, ceardlanna agus tacaíocht scoilbhunaithe ar fáil i raon de réimsí, lena n-áirítear an litearthacht, an uimhearthacht agus an mheastóireacht.

Le déanaí chuir an Roinn seo Dioplóma Gairmiúil sa Mhatamaitic don Mhúinteoireacht ar bun, atá dírithe ar mhúinteoirí Matamaitice 'as réimse' ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Cuimsíonn sé ábhar agus eolas matamaitice, agus straitéisí/cur chuigí teagaisc agus foghlama a bhaineann leis na siollabais Tioscadal Mata, atá á gcur i bhfeidhm i scoileanna. Beidh an cúrsa ar fáil ar fud na tíre saor in aisce, le soláthar ar leith ann do mhúinteoirí i scoileanna Gaeilge. Beidh sé á chomhchreidiúnú ag Ollscoil Luimnigh agus ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh trína gcomhaontas straitéiseach, agus beidh an Lárionad Barr Feabhais Náisiúnta i dTeagasc agus Foghlaim na Matamaitice agus na hEolaíochta (*National Centre for Excellence in Mathematics and Science Teaching and Learning*) freagrach as na gnéithe uile de dhearadh, soláthar agus riaradh an chúrsa. Tosóidh an cúrsa an fómhair seo agus tá spás ann do 390 múinteoir. Ba chóir gach fiosrú faoi incháilitheacht nó faoi iarratais a dhéanamh trí Ollscoil Luimnigh.

**Molann an Roinn go láidir do phríomhoidí agus do mhúinteoirí leas a bhaint as na deiseanna FGL ar fad a chuireann an SFGM ar fáil, seirbhísí tacaíochta eile agus na hionaid oideachais agus tríd an Dioplóma Gairmiúil sa Mhatamaitic don Mhúinteoireacht.**

## 8. Féinmheastóireacht Scoile agus Litearthacht agus Uimhearthacht

Tá soláthar sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta freisin do thabhairt isteach na féinmheastóireachta scoile chun tacú le feabhsú scoile. Eiseofar tuilleadh sonraí agus treoracha maidir le féinmheastóireacht scoile chuig scoileanna go luath sa scoilbhliain 2012-13. Cuimseoidh an t-eolas seo sonraí ar na tacaí a chuirfear ar fáil do scoileanna chun cuidiú le féinmheastóireacht scoile a chur i bhfeidhm.

Agus féinmheastóireacht scoile á cur i bhfeidhm, iarrfar ar scoileanna tús áite a thabhairt don athbhreithniú agus feabhsú ar an litearthacht agus an uimhearthacht sa chaoi is go mbeidh an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta agus tabhairt isteach na féinmheastóireachta scoile ag comhlánú a chéile.

## 9. Dáileadh

Led’ thoil, tarraing aird do phríomhoide, múinteoirí agus comhaltaí an bhoird bhainistíochta ar an litir agus iatán seo.

**Breda Naughton**
**Príomhoifigeach**
**Meitheamh 2012**